

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

Department of Education and Science

**Cigireacht Ábhair ar Gaeilge
TUAIRISC**

**Gairmscoil na bPiarsach, Ros Muc,
Contae na Gaillimhe
Uimhir rolla: 71380N**

Dáta na cigireachta: 19 Deireadh Fómhair 2007



**AN ROINN | DEPARTMENT OF
OIDEACHAIS | EDUCATION
AGUS EOLAÍOCHTA | AND SCIENCE**

TUAIRISC

AR

CHÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAISC SA GHAELGE

AN TUAIRISC CHIGIREACHTA SEO

Scríobhadh an tuairisc seo tar éis chigireacht ábhair i nGairmscoil na bPiarsach, Ros Muc, Conamara, Contae na Gaillimhe. Leagann sé amach tátail mheasúnachta maidir le cáilíocht na foghlama agus an teagaisc sa Ghaeilge agus déanann moltaí d'fhorbairt theagasc an ábhair sa scoil. Rinneadh an mheastóireacht seo, inar thug an cigire cuairt ar sheomraí ranga agus inar breathnaíodh an fhoghlaim agus an teagasc, thar lá amháin. Bhí caidreamh ag an gcigire leis na scoláirí agus leis na múinteoirí, scrúdaíodh obair na scoláirí agus rinneadh plé leis na múinteoirí. D'athbhreithnigh an cigire doiciméid phleanála na scoile agus ullmhúcháin scríofa na múinteoirí. Tar éis na cuairte meastóireachta, thug an cigire aiseolas ó bhéal ar thorthaí na measúnachta don phríomhoide agus na múinteoirí ábhair. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce; ba rogha leis an mbord glacadh leis an tuairisc gan freagra a thabhairt.

SOLÁTHAR AN ÁBHAIR AGUS TACAÍOCHT NA SCOILE UILE

Is scoil Ghaeltachta í an scoil seo agus is í an Ghaeilge teanga teagaisc agus teanga chumarsáide na scoile. Is i nGaeilge amháin a reáchtáiltear gníomhaíochtaí oifigiúla na scoile. Tá polasaí Gaeilge chuimsitheach forbartha ag an scoil le haidhmeanna inseachtha dúshlánacha. Tá caomhnú na teanga agus ár n-oidhreacht agus ár ndúchas Gaelach mar chuid lárnach de ráiteas misean na scoile atá ar taispeáint i bpríomh halla na scoile maraon leis na gnáth seomraí ranga. Is inmholta an cleachtas seo fíis na scoile bheith uile láithreach i dtimpeallacht laethúil gach duine sa scoil.

Déanann an scoil gach iarracht an teanga a shaibhriú agus an cultúr a chaomhnú trí pháirtíocht in imeachtaí cultúrtha, drámaíochta, díospóireachta, scannánaíochta agus imeachtaí Gaelacha eile faoi mar atá curtha rompu i bpolasaí Gaeilge na scoile. Tréaslaítear go láidir le foireann na scoile maidir lena ndúthracht i dtaobh taithí na scoláirí a shaibhriú trí na h-imeachtaí breise seo.

Is de réir cumais mheasctha atá na bliainghrúpaí go léir eagraithe. Cuirtear ceithre thréimshí Gaeilge ar fáil do scoláirí sóisearacha agus tá tréimhse sa bhreis ag daltaí sa timthriall sinsearach. Tréimhsí singile ar fad atá i gceist dáilithe amach go maith i gcaitheamh na seachtaine. Is inmholta an cleachtas ionchur laethúil a thabhairt do mhúineadh agus d'fhoghlaim teangacha. Tá beirt mhúinteoir ag plé le múineadh na Gaeilge agus taithí acu beirt ag múineadh sa dá thimthriall mar is cuí. Is cainteoirí dúchasacha iad freisin agus tuiscint mhaith acu ar chúrsaí sochtheangeolaíochta an cheantair.

Tá seomraí dá gcuid féin ag an mbeirt mhúinteoir agus áit stórais ag duine amháin acu. Tá acmhainní agus áiseanna maithe sa scoil don teanga. Cé nach bhfuil aon bhuiséad ann don Ghaeilge, tuairiscíodh go ndéantar soláthar ar acmhainní ar bith ach iad a chur faoi bhráid na bainistíochta. Luaitear mar mholadh roinnt taighde a dhéanamh ar an gcnuasach acmhainní agus áiseanna atá curtha le chéile ag www.cogg.ie ar mhaithe leis na hacmhainní is na háiseanna is nua a bheith ar fáil don roinn agus don scoil ina hiomláine. Tuairiscíodh go mbaintear úsáid as teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC) le ranganna áirithe ó am go ham. Déantar mar mholadh céimeanna praiticiúla a cheapadh chun úsáid TFC i dtaithí

foghlama na scoláirí ar an nGaeilge a leathnú. Ba cheart go mbeadh eispéireas ag na scoláirí ar na meáin nua aimseartha atá ar fáil sa teanga. Moltar leis suíomh ghréasáin dá macasamhail an Vicipéid, leagan Gaeilge de shuíomh ciclipéide ag www.wikipedia.org agus ceachtanna Gaeilge bunaithe ar mhíreanna as Nuacht TG 4 ag www.nuim.ie/langauge/vifax maidir leis an tionscnamh seo.

Níl aon leabharlann ag an scoil faoi láthair ach tá plan á cheapadh chun leabharlann a sholáthar don scoil. Ag am na cigireachta bhí ‘boscaí leabhair’ in úsáid sa scoil. Moltar an nósmaireacht seo níos na léitheoireachta a chothú i measc na scoláirí.

Ceapadh cúntóir teanga sa scoil anuraidh faoi scéim ‘Cumas’ a thugann tacaíocht do scoláirí a thagann chun na scoile ar bheagán Gaeilge, daltaí a rugadh i dtíortha eile ach go háirithe. Tá múinteoir tacaíochta foghlama ag tabhairt cabhrach do scoláirí eile atá i dteideal uaireanta breise ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta, tacaíocht i sealbhú na Gaeilge san áireamh. Tréaslaítear go láidir leis an scoil as an gcur chuige seo. Tá sé inmholta leis go bhfuil an scoil seo páirteach i dtionscnamh nua líonra de scoileanna beaga Gaeltachta a bhunú chun na sain dúshlán atá i ndán dóibh a aithint chomh maith le taithí a chéile faoi conas dul i ngleic leis na dúshlán seo a roinnt. Is faoi choimirce Coiste Gairmoideachais na Gaillimhe atá an líonra seo bunaithe. Tréaslaítear go láidir leis an gCoiste as an bhfóram luachmhar a chur ar fáil do scoileanna beaga Gaeltachta.

PLEANÁIL AGUS ULLMHÚCHÁN

Thosaigh roinn na Gaeilge ar an bpróiseas um phleanáil fhorbartha scoile (SDP) sa bhliain 2006 ag cur leis an bpleanáil a bhí ar bun go neamhfhoirmiúil roimhe seo. Tá pleananna ábhair fadtéarmaigh aontaithe ag an roinn agus iad leagtha amach de réir téarmaí. Tá an t-ábhar agus uimhir na scileanna teanga ag teacht le riachtanas na siollabas agus le raon spéise na scoláirí sa scoil seo. I roinnt de na pleananna seo tá comhtháthú téamúil déanta ina bhfaigheann an scoláire taithí ar an bhfoclóir a bhaineann le téama ar leith thar na scileanna teanga go léir maraon le gnéithe éagsúla de na cúrsaí. Tá sampla maith den chur chuige comhtháite sa phlean fadtéarmach don dara bliain, téarma a trí agus arís i Meán Fómhair den phlean don tríú bliana. Moltar áfach, go mbeadh comhtháthú seo sna pleananna fadtéarmacha go léir idir topaicí teanga agus na gnéithe difriúla de na siollabas ó thaobh téamaí de, na pleananna sinsearacha ach go háirithe.

Mar chuid den phlean Gaeilge tá liosta cuimsitheach de na modhanna múinte atá in úsáid ag an roinn agus an cur chuige difreáilte forbartha go maith iontu. Is inmholta an cleachtas seo. Moltar go mbeadh na teicnící teagaisc seo in úsáid chun an ghné is feiliúnaí den churaclaim a láithriú in áit é a bheith mar liosta neamhspleách ann féin, faoi mar atá faoi láthair. Luaitear mar mholadh leis, go dtabharfadh an próiseas pleanála don teagasc idirdhealaithe tuilleadh airde ar an éagsúlacht atá i gcúlra teanga na scoláirí atá ag teacht chun na scoile seo chun freastail níos dúshlánaí a sholáthar do dhaltaí le hard-chaighdeán Gaeilge chomh maith le spreagadh a thabhairt do scoláirí ar bheagán Gaeilge. Déantar mar mholadh suíomh gréasáin de chuid Seirbhís Tacaíochta Oideachas Speisialta (STOS) ag www.sess.ie maidir leis an dúshlán seo sa phleanáil don teagasc agus don fhoghlaim.

FOGHLAIM AGUS TEAGASC

Bhain tréith spreagúil foghlama leis na ceachtanna go léir a breathnaíodh orthu le linn na cigireachta. Bhí an-chur amach ag na múinteoirí ar shaol agus ar chaithimh aimsire na scoláirí. Chuir an caidreamh ionbhách seo go mór leis an gcomhoibriú a bhí le feiscint i

bpróiseas na foghlama agus an teagaisc. Tugadh aiseolas dearfach gríosúil d'iarrachtaí agus do thuairimí na scoláirí i gcónaí. Bhí cumas riar ranga éifeachtach ag na múinteoirí go léir.

Bhí timpeallacht phrionta spreagúil sna seomraí. Bhí póstaer le hobair na ndaltaí féin, cairteanna gramadaí agus fearais fhoghlama eile. Bhí fógraí Gaeilge le feiceáil timpeall na scoile ina hiomláine freisin.

B'í an Ghaeilge a bhí in úsáid do gach idirbheartaíocht ranga. Ba léir an tuiscint mhaith a bhí ag na scoláirí ar an ábhar agus bhíodar breá sásta cur le téama an cheachta nuair a tugadh deis dóibh. Rinne na múinteoirí gach iarracht foclóir na scoláirí a shaibhriú chomh maith le haird na scoláirí a dhíriú ar phointí gramadaí i gcomhthéacs cumarsáideach an phíosa in áit mar mhíreanna singile iontu féin.

Bhí pleanáil ghearrthéarmach agus ullmhúchán maith déanta do fhormhór mór na gceachtanna agus chuir sé seo go dearfach le struchtúr agus ord na foghlama agus an teagaisc. Chun cuidiú leis an bhfoghlaim bhí bileoga oibre ar an osteilgeoir, léarscáil na hÉireann agus giota téip réamh thaifeadta ullmhaithe do na ceachtanna. Déantar mar mholadh agus an phleanáil ghearrthréimhseach idir lámhe go mbeadh sé mar sprioc do gach ceacht cothromas a fháil idir gníomhaíocht na scoláirí agus ionchur an mhúinteora féin. I rang áirithe roinn an múinteoir na cuspóirí foghlama leis na scoláirí ag an tús agus de réir mar a d'athraigh an mhír foghlama agus teagaisc. Moltar an dea-chleachtas seo a scagadh amach ar an bhfoireann trí chéile mar díríonn sé aird na ndaltaí ar a bhfoghlaim féin agus méadaíonn an nósmaireacht seo go dtógann daltaí níos mó freagrachta as a bhfoghlaim.

Ar an iomlán, bhí an teagasc éifeachtach sna ranganna a rinneadh cigireacht orthu. I measc na dteicnící teagaisc paiteanta a bhí in úsáid bhí comhtháthú déanta ar na ceithre mhór scil teanga ag teacht le bunphrionsabail na siollabas. Bhí na canúintí mar ábhar ranga agus thosaigh an ceacht le míreanna dílse nuachta na maidne áirithe sin ó Raidió na Gaeltachta. Rinneadh roinnt plé ar an áit as a mbaintear fad as an bhfocal sna canúintí éagsúla, roimh agus i ndiaidh na héisteachta. Scríobh na scoláirí samplaí agus tréithe na gcanúintí ina gcóipleabhair le treoir óna nótaí ar an osteilgeoir. Is inmholta an cleachtas seo mar go bhfuil gaol idirspiléach comhthreisithe idir na scileanna i bhforbairt inniúlacht na scoláirí ar an teanga. Tugann an comhtháthú scileanna in imeacht ceachta éagsúlacht don cheacht freisin. Ceanglaíonn an cur chuige seo gnéithe difriúla den siollabas lena chéile mar is cuí. Moltar úsáid níos forleithne a bhaint as an gcur chuige comhtháite i dtaitheí foghlama na scoláirí i nGairmscoil na bPiarsach.

I rang eile ina raibh cleachtadh léamhthuisceana idir lámhe cheangail an múinteoir téamaí an scéil le taitheí saoil na scoláirí. Is dea-chleachtas é seo na scoláirí a threorú ceangal a dhéanamh idir ábhar an cheachta agus a dtaitheí féin mar cuidíonn sé le buanú na faisnéise. B'iad na gasúir féin a bhí ag léamh na ngiotaí difriúla den léamhthuisceant, mar is fearr. Luaitear mar mholadh an critéir a bhaineann le dea-léitheoireacht a aontú agus a shocrú leis na rangana éagsúla ag tús na scoil bhliana. Is féidir leis na scólairí measúnú rialta a dhéanamh ar léitheoireacht a chéile bunaithe ar an gcritéir sin. Bheadh sé tairbheach leis an measúnú phiara seo, atá an-luachmhar don bhfoghlaim, a úsáid chun tréith na dea-scríbhneoireachta a chóthú freisin. Luaitear mar mholadh na critéir don dá scil seo a bheith ar chairt ar bhallaí an tseomra ranga.

Baineadh úsáid tairbheach as an osteilgeoir a chuir le soiléireacht agus struchtúr ceacht amháin. Ba léir an tuiscint a bhí ag an múinteoir nach leor do gach scoláire an fhoirm labhartha d'abairt nó d'fhocal dá stíleanna fhoghlama agus go dteastaíonn óna scoláirí an fhoirm fhísiúil chomh maith. Moltar úsáid níos leithne a bhaint as taifead na foghlama go físiúil a threisiú scileanna cruinnis agus litrithe freisin.

MEASÚNÚ

Déantar measúnú múnlaithreach ar bhonn neamhfhoirmiúil agus foirmiúil. I measc na modhanna neamhfhoirmiúla a bhí in úsáid le linn na cigireachta bhí obair aonair ar litir, ceisteanna béil, measúnú ar fhoclóir, bileoga oibre agus tasc éisteachta ar na canúintí. Tá polasaí obairbhaile ag an scoil agus tá sé de nós obairbhaile a thabhairt gach oíche i gcás na Gaeilge. Tá dialann obairbhaile in úsáid. Go ginearálta bailítear agus ceartaítear na cóipleabhair uair sa tseachtain. Ba léir ó shampla randamach de na cóipleabhair go raibh monatóireacht maraon le ceartúcháin fhorásacha á dhéanamh go rialta ag na múinteoirí ábhair. Is inmholta an ceartúchán forbarthach rialta seo d'fhoghlaim na scoláirí. Tuairiscíodh go n-úsáidtear na ceartúcháin mar uirlis fháthmheastóireachta ar dhearmad gramadaí agus litrithe na scoláirí agus go múintear ranganna bunaithe ar an anailís sin. Tréaslaítear leis an bhfoireann as an gcur chuige seo mar tugann sé soiléiriú pearsanta d'earráidí aonair chomh maith le léargas ar bhotúin choitianta a bhíonn comónta ag leibhéil éagsúla.

Tá na gnáthshocraithe ann sa scoil do scrúduithe coimreacha do na bliain ghrúpaí difriúla. Cuirtear tuairisc chuig baile faoi dhó in imeacht na scoilbhliana bunaithe ar thorthaí na scrúduithe coimreacha seo. Buaileann múinteoirí agus tuismitheoirí nó caomhnóirí lena chéile faoi dhó i gcaitheamh na scoilbhliana do gach bliainghrúpa agus uair sa bhreis do dhaltáí teistiméireachta. Moltar go dtógfar san áireamh na ceithre mhór scil teanga san obairbhaile, sa mheasúnú agus sna tuairiscí a chuirfear abhaile sa todhchaí a thiocthadh leis an modh comhtháite atá luaite sna siollabas agus atá molta thuas don phleanáil don teagasc agus don fhoghlaim. Chuirfeadh an cur chuige seo le leibhéal inspreagtha na scoláirí thar na scileanna.

Moltar go gcuirfidh an roinn lena n-uirlísí measúnaithe don Ghaeilge trí na prionsabail measúnú chun foghlama, mar atá forbartha ag Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNM) www.ncca.ie a chomhtháthú sna pleananna don mheasúnú.

ACHOIMRE AR NA PRÍOMHCHINNTÍ AGUS MOLTAÍ

Is iad seo a leanas na príomhbhuanna a aithníodh le linn na meastóireachta:

- Tá caomhnú agus buanú na Gaeilge agus an chultúir i gcomhthéacs shochtheangeolaíochta an cheantair mar chuid lárnach d'éiteas na scoile.
- Tá raon maith acmhainní agus áiseanna ag an scoil do mhúineadh agus d'fhoghlaim na Gaeilge.
- Tugtar soláthar fabhrach don Ghaeilge agus tá an bhainistíocht réamhghníomhach an riar seo a chur chun cinn i gcónaí.
- Tá pleananna ábhair fhadtréimhseacha forbartha do na bliain ghrúpaí go léir don scoilbhliain reatha.
- Bhain pleanáil ghearrthéarmach maraon le modheolaíochtaí éifeachtacha teagaisc agus foghlama paiteanta le formhór mór na gceachtanna.
- Bhí timpeallacht foghlama spreagúil le feiceáil sna seomraí go léir agus an teanga le feiceáil timpeall na scoile ina hiomláine.
- Tá nósanna imeachta córasacha don obairbhaile agus don mheasúnú.

Déantar na mórmholtaí seo a leanas ar mhaithe le cur leis na buanna seo agus le réimsí forbartha a aithint:

- Déantar mar mholadh cartlann a dhéanamh ar na hacmhainní atá sa scoil cheana féin i gcomhthéacs an bailiúcháin fhoinsí atá curtha le chéile ag an gComhairle um

Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta ag www.cogg.ie chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar acmhainní agus áiseanna na roinne sa todhchaí, in úsáid TFC in eispéireas foghlama scoláirí ach go háirithe.

- Tá sé inmholta go ndéanfar leathnú ar úsáid an chur chuige comhtháite atá i roinnt de na pleananna cheana féin. Moltar leis tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an ngné sin den phleanáil churaclaim a bhaineann leis an gcur chuige difreáilte.
- Luaitear mar mholadh go mbeadh sé mar sprioc sna pleananna ceachta go léir cothromaíocht a fháil idir gníomhaíocht an mhúinteora agus gníomhaíocht na bhfoghlaimeoirí.
- Moltar go ndéanfadh an roinn forbairt ar an dea-chleachtas a bhain leis an teagasc agus an fhoghlaim le linn na gceachtanna de réir na moltaí thuas luaite.
- Moltar go dtógfáir san áireamh na ceithre mhór scil teanga san obairbhaile, sa mheasúnú agus sna tuairiscí a chuirfear ag baile.

Eagraíodh cruinnithe iarmheastóireachta leis na múinteoirí Gaeilge agus leis an bpríomhoide ag deireadh na meastóireachta mar ar cuireadh i láthair agus mar ar pléadh na dréacht-chinntí agus moltaí thuas.

Foilsithe Eanáir 2009

Foilsithe Eanáir 2009